



An Coimisiún
Eorpach

An tAthbhreithniú ar Chur Chun Feidhme maidir leis an gComhshaol



ÉIRE

Tá dlíthe agus beartais uailmhianacha ag an Eoraip chun aer agus uisce a chosaint, chun an geilleagar ciorclach a chur chun cinn, chun rátaí athchúrsála a mhéadú agus chun an dúlra a chosaint. Tá sé rithábhachtach go gcuirfear chun feidhme iad chun ár gcuspóirí comhshaoil a bhaint amach. Is é sin an chúis gur sheol an Coimisiún Eorpach an tAthbhreithniú ar Chur Chun Feidhme maidir leis an gComhshaol (EIR), ar uirlis é chun cabhrú le tíortha aghaidh a thabhairt ar bhacainní córasacha ar chomhtháthú comhshaoil trí na cúiseanna le cur chun feidhme lag a aithint. Tá timthriall rialta anailíse, idirphlé agus tacaíochta idir píaraí i gceist le EIR. Déantar achoimre sa bhileog eolais seo ar thorthaí an dara pacáiste EIR, a foilsíodh i mí Aibreáin 2019.

Próifíl tíre

Tá a tírdhreacha glasa ina bpríomhthréith in Éirinn agus mealltar na milliúin cuairteoirí leo gach bliain. Meastar go bhfuil dea-bhail ar a cuid ithreach, ach amháin i limistéir mhóna. Go ginearálta, tá cáilíocht an aeir go maith sa tír agus tá sí tar éis céimeanna tábhachtacha a ghlacadh i dtreo geilleagar ciorclach a bhaint amach. Mar sin féin, tá roinnt dúshlán tábhachtach le sárú ag Éirinn ó thaobh an chomhshaoil de.

An dul chun cinn is mó EIR 2019

- + Tá dul chun cinn éigin déanta ag Éirinn maidir le Limistéir Chaomhantais Speisialta a ainmniú agus maidir le cuspóirí caomhantais a dhréachtú i leith na láithreáin sin.
- + Ó thaobh cháilíocht an aeir de, tá dul chun cinn áirithe déanta ag an tír seo chun astaíochtaí a laghdú.
- + Ó thaobh beartas dramhaíola de, tá dul chun cinn áirithe déanta ag Éirinn maidir le hionstraimí eacnamaíocha a chur i bhfeidhm.

SAMPLAÍ DE DHEA-CHLEACHTAS Ó ÉIRINN

- + Is í Éire ceann de bheagán tíortha a bhfuil seirbhís um chóras faisnéise geografáil aici, lena gcuirtear mionsonraí ar fáil maidir le héiceachórais agus a gcuid seirbhísí, agus atá ar fáil don phobal ar líne chomh maith.
- + Déantar taighde agus forbairt chomhshaoil den scoth sa tír, rud a mheallann a lán taighdeoirí chuici mar aon le hinfheistíocht ghlas luathchéime.
- + Bhain Éire leas as cómhaoiniú AE do thionscadail chomhshaoil, go háirithe tríd an gclár LIFE agus trí iasachtaí ón mBanc Eorpach Infheistíochta.

Na dúshláin is mó EIR 2019



Bainistiú uisce

Tá na seirbhísí uisce fós ina gcúis imní. Chomh maith leis an ráta íseal comhlíontachta i leith na Treorach maidir le Cóireáil Fuíolluisce Uirbigh, tá fadhbanna ag Éirinn freisin lena cuid uisce óil, agus tá cáilíocht na n-uiscí snámha faoi bhun an mheáin chomh maith. Ní mór monatóireacht a dhéanamh ar chóras nua na tíre um uisce a phraghsáil chun a áirithiú go n-oibreoidh sé go réalaíoch. Níl astarraingt uisce ná athruithe hidreamhoirfeolaíoch a rialú rómhaith go fóill.



Cosaint an dúlra

Caithfear aghaidh a thabhairt ar na bearnaí suntasacha atá fágtha i ainmniú na Limistéir Chaomhantais Speisialta agus na bearta caomhnaithe riachtanacha

a bhunú do gach láithreán. Cé go ndearna Éire dul chun cinn ó thaobh an Phlean Náisiúnta um Portach Ardaithe LCS a Bhainistiú, ní dhearnadh ach dul chun cinn mall maidir le láithreáin bhratphortaigh a chosaint.



Rochtain ar cheartas

Maidir le rochtain ar cheartas i gcúrsaí comhshaoil, ba cheart d'Éirinn iarracht a dhéanamh an costas a laghdú a bhíonn i gceist le caingean dlí a thabhairt os comhair na cúirte.

Tacaíocht idir piaraí

Tacaítear le EIR tríd an uirlis TAIEX-EIR Piara le Piara (EIR P2P), lena soláthraítear maoiniú d'fhoghlaim idir piaraí in údaráis chomhshaoil sna Ballstáit. Bhain Éire leas as TAIEX-EIR P2P chun ceardlann a óstáil ar bhainistiú dramhaíola, saineolas idir piaraí a chur ar fáil don Rómáin maidir le láithreáin líonta talún a dhúnadh agus iarchúram ina leith, agus chun ceardlann eile a óstáil maidir leis an ngeilleagar glas uirbeach i nGaillimh ina raibh cathracha buaiteacha ó líonra Dhuilleog Glas AE páirteach.

An tuarascáil tíre iomlán ar Éirinn agus na tuarascálacha tíre eile, mar aon leis an Teachtaireacht “An tAthbhreithniú ar Chur Chun Feidhme maidir leis an gComhshaoil 2019: Eoraip ina gcosnaítear na saoránaigh agus ina bhfeabhsaítear cáilíocht a mbeatha” le fáil anseo:

http://ec.europa.eu/environment/eir/index_en.htm

#EIRreview



EU_ENV



EUEnvironment



Oifig na bhFoilseachán